Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 1

# Teaghlachas an Uachtaráin

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 1, tá iallach orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a réiteach, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tá an cuntas ceangailte leis seo réitithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus chostais Oifig Rúnaí Ginearálta an Uachtaráin, maidir le costais áirithe de chuid Theaghlachais an Uachtaráin agus deontais áirithe.

Déantar an táirgeacht caiteachais a chomparáid leis na suimeanna ceadaithe ag Dáil Éireann faoi an tAcht Leithreasa 2018, an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas na bliana san áireamh.

Dlitear farasbarr de €821,983 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Claíodh leis na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta in ullmhú an chuntais.

Ní luachtar sócmhainní oidhreachta a bhaineann le Teaghlachas an Uachtaráin mar sócmhainní sna ráitis airgeadais seo. Tá troscán, saothair ealaíne agus dealbha san áireamh sna sócmhainní. Tá tréithe neamh-inchoimhthithe agus sobhriste ag baint leo agus ní féidir a gcomhshamhail a sholáthar, agus mar sin de ní cuspóir fónta a bheadh ann na sócmhainní a chaipitliú sna ráitis seo.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig Theaghlachais an Uachtaráin.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Ard-Rúnaí Roinn an Taoisigh. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Cuireann an Roinn Airgeadais feidhmeannas íocaíochta agus cuntasaíochta ar fáil do Theaghlachas an Uachtaráin.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceangaltas an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Theaghlachas an Uachtaráin agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhís roinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Tá mé ag brath ar litir forchinntithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialaithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte do Theaghlachas an Uachtaráin.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le mo fhreagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá tábhacht ag baint le timpeallacht rialaithe airgeadais inmheánach na Roinne Airgeadais, mar is é an Roinn Airgeadais a chuireann feidhmeannas íocaíochta agus cuntasaíochta ar fáil do Theaghlachas an Uachtaráin.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas bhuiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh de Theaghlachas an Uachtaráin
- córais ann atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

***Comhlíonadh soláthair***

Dearbhaíonn Teaghlachas an Uachtaráin go gcuirtear béim oiriúnach ar dea-ghnás i dtaobh cúrsaí soláthair, agus go bhfuil gnásanna ann lena chinntiú go gcloítear leis na treorlínte soláthair. Tá dhá conradh le luach de €56,212 mar cuid den tuairisc maidir le ciorclán 40/02, mar sháraigh siad an tairseach tuairiscithe €25,000, agus dámhadh iad (inter alia) gan próiseas iomaíoch. Leanadh conradh amháin do €29,052 i dtaobh soláthraí ar aghaidh agus tháinig deireadh leis an bpróiseas tairisceana i Q2 2019, agus tá an tairgeoir rathúil i mbun anailís ar modhanna chun an tseirbhís a chuir ar fáil. Síneadh an conradh eile do €27,160 thar dáta an chonradh gan próiseas iomaíoch nua.

***Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta***

Tagann Teaghlachas an Uachtaráin faoi chuimsiú na feidhme iniúchta inmheánaigh a sholáthraíonn Roinn an Taoisigh a bhfuil pearsanra oilte cuí acu agus a oibríonn faoi chairt scríofa a cheadaigh mé. Cuirtear an obair iniúchta inmheánaigh san áireamh trí anailís a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Teaghlachas an Uachtaráin neamhchosanta orthu agus tá sé d'aidhm na príomh rialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Tá an fheidhm iniúchta inmheánaigh agus a chlár oibre faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla agamsa agus ag an gCoiste Iniúchta, a oibríonn faoi choimirce Roinn an Taoisigh.

Bhí ceithre cruinniú ag an Coiste Iniúchta i 2018 agus aontaíodh agus tosaíodh clár oibre iniúchta aontaithe ag deireadh 2018.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Teaghlachas an Uachtaráin a déanann sainaithint ar rioscaí ríthábhachtacha agus a thuairiscíonn iad agus na gníomhartha bainistíochta atá á dhéanamh chun dul i ngleic leo agus, chomh fada agus is féidir, na rioscaí a mhaolú.

Tá clár rioscaí in áit a aithníonn na príomh-rioscaí do Theaghlachas an Uachtaráin agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta go ráithiúil. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag Teaghlachas an Uachtaráin le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. San bhliain 2018, cuireadh obair na n-iniúchóirí seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach i dTeaghlachas an Uachtaráin a bhfuil freagrach as an gcreat rialaithe inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil san áireamh agus monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh i dTeaghlachas an Uachtaráin ar bun.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánacha airgeadais***

Níor aithníodh laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2018 ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta

23 Mean Fómhair 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Teaghlachas an Uachtaráin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2019

# Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Teaghlachas an Uachtaráin | 3,014 | 2,453 | 2,567 |
| B | Deolchaire daoine in aois a chéid | 1,404 | 1,136 | 1,125 |
| | **Ollchaiteachas** | **4,418** | **3,589** | **3,692** |
| | *Bain de* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **97** | **90** | **83** |
| | **Glanchaiteachas** | **4,321** | **3,499** | **3,609** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime fheidhmithe faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **821,983** | **294,236** |

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta

29 Márta 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas um Chostas Feidhmiúcháin 2018

| | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas chláir | | 1,093 | 1,071 |
| Pá | | 1,717 | 1,666 |
| Caiteachas eile | | 779 | 955 |
| **Ollchaiteachas** | | **3,589** | **3,692** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **90** | **83** |
| **Glanchaiteachas** | | **3,499** | **3,609** |
| **Athraithe i sócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (6) | | |
| Dímheas | 29 | | |
| | | 23 | 8 |
| **Athraithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (80) | | |
| Méadú ar stoc | (1) | | |
| | | (81) | 23 |
| **Caiteachas díreach** | | **3,441** | **3,640** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí ghaolmhara (nóta 1.1) | | 4,467 | 5,039 |
| **Costas chláir ghlan** | | **7,908** | **8,679** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí ghaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí ghaolmhara comhdhéanta as na méideanna measta seo leanas maidir le Vóta 1 a iompraíodh in áit eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais | 13 | 20 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 772 | 564 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,924 | 2,256 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 3 | 4 |
| Vóta 20 Garda Síochána | 194 | 197 |
| Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | 253 | 667 |
| Vóta 36 Cosaint | 413 | 428 |
| An Príomhchíste (Luachanna saothair agus liúntais Uachtaráin agus pinsin uachtaráin) | 895 | 894 |
| | **4,467** | **5,039** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **38** | **71** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 30 | 29 |
| Réamhíocaíochtaí | | 26 | 51 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 4 | — |
| Ioncam fabhraithe | | 4 | 10 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 85 | (23) |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | 149 | 67 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 41 | (100) |
| Costais fhabhraithe | | 39 | 150 |
| Iarmhéideanna chreidmheasa eile | 2.6 | 48 | 77 |
| **Iomlán na dliteanais reatha** | | 128 | 127 |
| **Glandliteanais reatha** | | **21** | **(60)** |
| **Glansócmhainní** | | **59** | **11** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **59** | **11** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 11 | 42 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 4,321 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (822) | | |
| Vóta glan | | | 3,499 | 3,609 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 4,467 | 5,039 |
| Nithe eile (nach airgead iad) | 2.2 | | (10) | — |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (7,908)) | (8,679) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **59** | **11** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh teicneolaíochta faisnéise | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 373 | 14 | 387 |
| Breiseanna | 6 | — | 6 |
| Coigeartú [a] | (48) | 1 | (47) |
| Diúscairtí | (2) | — | (2) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 329 | 15 | 344 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 303 | 13 | 316 |
| Dímheas don bhliain | 29 | — | 29 |
| Coigeartú [a] | (39) | 2 | (37) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (2) | — | (2) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2018 | 291 | 15 | 306 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **38** | — | **38** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 70 | 1 | 71 |

Nóta [a] Rinneadh an coigeartú chun an nóta sócmhainní caipitiúla a cheartú i dtaobh luach iarmharach sócmhainní a bhí díluacháilte ina iomlán, agus chun caiteachas i dtaobh an suíomh idirlín a bhaint amach a bhí caipitlithe de réir earráid.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG | (41) | 100 |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Boinn daoine in aois a chéid | 7 | 7 |
| Tomhaltáin TF agus stáiseanóireacht | 23 | 22 |
| | **30** | **29** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Nithe dochair fionraí eile | 4 | — |

## 2.6 Iarmhéideanna chreidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 25 | 35 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 11 | 15 |
| Tobhach Pinsin | 6 | — |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 5 | 7 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhisí Gairmiúla | 1 | 2 |
| Ranníocaíocht pinsin | — | 5 |
| | 48 | 64 |
| Asbhaintí phárolla á gcoinneal ar fionraí | — | 13 |
| | **48** | **77** |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 822 | 294 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (907) | (271) |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | **(85)** | **23** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 4 | — |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (48) | (64) |
| Banc agus airgead tirim | (41) | 100 |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | — | (13) |
| | (89) | 23 |
| | **(85)** | **23** |

## 2.8 Gealltanais

| ag 31 Nollaig | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthrú earraí agus seirbhísí | 16 | — |

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 1,802 | 1,717 | 1,666 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 310 | 184 | 240 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 340 | 351 | 391 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 86 | 87 | 114 |
| v | Trealamh oifige agus soláthairtí oifige agus seirbhísí gaolmhara | 535 | 156 | 210 |
| | | **3,073** | **2,495** | **2,621** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tá caiteachas riaracháin leithroinnte thar na cláir éagsúla, chun na costais cláir iomlán a chuir i láthair. Seo a leanas cúis na difríochtaí nach beag i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus +/- €100,000).

*ii* *Taisteal agus cothabháil*

Soláthar mheastacháin: €310,000, toradh: €184,380

Bhí laghdú ar chostais mar bhí níos lú taistil thar lear i 2018.

*v* *Trealamh oifige agus soláthairtí oifige agus seirbhísí gaolmhara*

Soláthar mheastacháin: €535,000, toradh: €156,031

Bhí infheistiú mór aonuaire san áireamh ar chóras sreabhadh oibre nua agus córas fóin a bhí le thosnú i 2018 nuair a rinneadh an réamh-mheastachán. Níor thosaigh an tionscadal sin go dtí deireadh 2018 agus de bharr sin tarlóidh an caiteachas sin i 2019.

## Clár A Teaghlachas an Uachtaráin

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 1,758 | 1,676 | 1,627 |
| A.2 | Riarachán – neamh phá | 1,256 | 777 | 940 |
| | | **3,014** | **2,453** | **2,567** |

## Clár B Deolchaire daoine in aois a chéid

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán - pá | 44 | 41 | 39 |
| B.2 | Riarachán - neamh phá | 15 | 2 | 15 |
| B.3 | Deolchaire daoine in aois a chéid | 1,345 | 1,093 | 1,071 |
| | | **1,404** | **1,136** | **1,125** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €268,236 níos ísle ná mar cuireadh ar fail, toisc go raibh níos lú daoine in aois a chéid ann ná mar a soláthraíodh dóibh. Íocadh amach 431 deolchaire daoine in aois a chéid i 2018 agus soláthraíodh d'ionann agus 512.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta as luach saothair na seirbhíse poiblí | 90 | 78 | 77 |
| 2 | Ilghnéitheacha | 7 | 12 | 6 |
| | | **97** | **90** | **83** |

## Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

### 5.1 Líon fostaithe (coibhéis lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | **27** | **27** |

### 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 1,546 | 1,485 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 58 | 58 |
| Íocaíocht Iomarcaíochta | — | 14 |
| Ragobair | 20 | 19 |
| ÁSPC an Fhostóra | 93 | 90 |
| **Pá iomlán** | **1,717** | **1,666** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Liúntais ardghráid, speisialta nó dualgais breise | 6 | 4 | 19,126 | 19,549 |
| Ragobair | 12 | — | 5,458 | 4,759 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | — | — | — | 3,421 |

### 5.4 Ró-iocaíochtaí

Bhí ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana de €4,080 i leith duine aonair (2017: €Nialas). Tá plean téarnaimh socraithe.